Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2025
(OR. en)

11240/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0196 (NLE)

ECOFIN 948
UEM 386
FIN 825
*ECB*
*EIB*

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta − An Ghréig<br>− Glacadh |

1. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, mar a leagtar amach in 10152/21 + ADD 1 é, formheasadh an measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

2. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle ina dhiaidh sin an 8 Nollaig 2023, de bhun Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 15831/23 REV1 + ADD 1 REV 1, an 16 Iúil 2024 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in Airteagal 11858/24 COR 1 + ADD 1 COR 1, an 21 Eanáir 2025 de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 17055/24 + ADD 1 COR 1.

3. An 14 Bealtaine 2025, rinne an Ghréig iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dar dháta an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an nGréig.

4. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ghréig chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

5. Mheas an Coimisiún go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go sásúil na critéir le haghaidh measúnú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán, na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus nach bhfuil aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ghréig.

6. Ós mar sin atá, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 1 Iúil 2025 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig a fhormheas, mar a leagtar amach in 11095/25 agus 11095/25 ADD 1 é.

7. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 15 Iúil 2025 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

8. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 11101/25 agus 11101/25 ADD 1.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:
  a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig, a fhormheas, mar a leagtar amach in 11101/25 é, agus
  b) Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig a fhormheas, mar a leagtar amach in 11101/25 ADD 1 é, agus
- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.